Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

# Aighneacht Gaeloideachas chuig an gComhrá Náisiúnta ar Oideachas

28 Feabhra 2026

## Cad a bheadh de dhíth ar chóras oideachais na hÉireann chun eispéireas foghlama dearfach a sholáthar a chuirfeadh ar chumas gach linbh agus duine óg rath a bhaint amach i ndomhan atá ag athrú go mear?

### Bíodh buntáistí an tumoideachas ar fáil do gach duine

Léiríonn taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta go bhfuil buntáistí cognaíochta, cumarsáide agus acadúla leis an tumoideachais, an múnla atá á chleachtadh i naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ba cheart go mbeidís ar fáil do gach duine sa chóras oideachais in Éirinn, beag beann ar leibhéal cumais, stádas socheacnamaíoch, nó ar chúlra creidimh, cultúrtha nó teanga.

Ba cheart don Stát rogha an oideachais lán-Ghaeilge a normalú mar rogha don phobal ar fad agus feasacht a ardú ar bhuntáistí an tumoideachais. Tá gá le clár feasachta ag léiriú gur féidir agus gur fiú do pháistí le riachtanais bhreise a bheith sa chóras oideachais lán-Ghaeilge.

### Tacaigh le fís an Stáit de réir an *Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge*

Is gá gníomhú le fís an Stáit a fhíorú don oideachas lán-Ghaeilge, sé sin:

- Go mbeidh oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do chách, i suíomhanna oideachais atá ionchuimsitheach agus ilchultúrtha.
- Go gcothófar bá agus grá ar leith don teanga agus don chultúr Gaelach sna páistí agus sna daoine óga le go leanfaidh siad ag úsáid na teanga go cumasach, mórtasach ar feadh a saoil.
- Go mbeidh éiceachóras tacaíochtaí agus acmhainní cuí ar fáil do shuíomhanna oideachais lán-Ghaeilge agus dá bpobail.

Níor cheart go gcuirfear ar aon leanbh, páiste nó duine óg freastal ar sholáthar meán-Bhéarla mar nach bhfuil soláthar lán-Ghaeilge ar fáil dóibh – toisc nach ann dó, toisc go bhfuil ró-éileamh air, toisc nach bhfuil an naíonra nó scoil cumasaithe le freastal ar a gcuid riachtanas, nó eile.

### Cinntigh soláthar

Faoi mar a sheasann sé, níl deis ag páistí uile na tíre seo freastal ar sholáthar luathbhlianta, bunscoil nó iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, ceal soláthar áitiúil a bheith ar fáil dóibh. Sáraíonn seo a gcearta teanga agus oideachais. Is gá cinntiú nach mbeidh aon pháiste faoi mhíbhuntáiste tíreolaíoch, socheacnamaíoch nó eile maidir le teacht ar luath-oideachas nó áit scoile, agus gur rogha gan dua dóibh an t-oideachas lán-Ghaeilge.

Ní mór cur chuige straitéiseach uaillmhianach a bheith ag an Stát le soláthar oideachais lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ag gach leibhéal a chinntiú, le soláthar don oideachas ionchuimsitheach speisialta san áireamh. Ba cheart próiseas a chur sa tsúil a thacaíonn le bunú naíonraí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i gceantair ina bhfuil éileamh orthu, ag freagairt do riachtanais an phobail. Ba cheart meicníocht a bheith ann faoina

ndéantar iarratais ó choistí pobail ar bhunú soláthair nua a mheas, d'fhonn tacaíochtaí cuí a chur ar fáil trí chomhpháirtithe oideachais leis an riachtanas a shásamh. Ba cheart go mbeadh soláthar neamhspleách trí Ghaeilge ar fáil ag gach leibhéal i ngach contae.

Maidir le soláthar ag an iar-bhunleibhéal, léiríonn an taighde *Soláthar reatha sna hAonaid lán-Ghaeilge* (COGG, Feabhra 2024) nach bhfuil múnla an aonaid feiliúnach mar mhúnla soláthair tumoideachais. Ba cheart tacú leis na haonaid reatha forbairt ina scoileanna neamhspleácha lena féiniúlacht agus bainistíocht uathúil féin. Níor cheart aonaid nua a bhunú, ach scoileanna ina bhfuil sainmheon teanga lán-Ghaeilge amháin.

## Tacaigh le hardchaighdeán

Is gá cinntiú go mbeidh soláthar leordhóthanach múinteoirí agus foireann tacaíochta le Gaeilge líofa ar fáil le hoibriú sna naíonraí agus scoileanna. Cuimsíonn seo daoine gairmiúla seachtracha – síceolaithe, teiripeoirí, cúntóirí riachtanais bhreise, agus eile. Tá sé riachtanach go gcuirfear bunoiliúint tosaigh agus forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil dóibh trí Ghaeilge, chomh maith le tacaíochtaí teanga dóibh siúd a mbeadh suim acu bheith ag obair san earnáil ach nach bhfuil inniúlacht sa teanga acu, nó nár cháiligh in Éirinn.

Mar chomhartha aitheantais ar an obair bhreise a bhíonn le déanamh ag foireann na naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge, ba cheart liúntas cuí a íoc leo. Tá cur síos ar an t-ualach breise sa taighde *Teacher Workload in the Irish medium Sector* (Comhairle na Gaelscolaíochta, Bealtaine 2025).

Le cinntiú gur féidir le páistí a bhfuil riachtanais bhreise acu buntáiste iomlán a bhaint as an gcóras tumoideachais, tá géarghá le tacaíochtaí le go mbainfidh siad barr a gcumais amach – rochtain ar fhoireann leis an traenáil chuí, acmhainní agus cláir feiliúnacha (teagaisc, measúnaithe, agus eile), agus suíomhanna inrochtana a bhfuil cultúr ionchuimsitheach agus an dearadh uilíoch ag a gcroílár.

Ní mór clár oiliúna sonrach a chur ar fáil a ullmhaíonn múinteoirí luathbhlianta agus scoile le bheith ina speisialtóirí ar riachtanais bhreise agus ionchuimsitheacht. Ba chóir cúinsí agus riachtanais uathúla an tsuímh lán-Ghaeilge a bheith san áireamh - pleanáil, acmhainní, difreáil, measúnú, sealbhú teanga i measc páistí ilteangacha. Moltar comhordaitheoir pleanála do riachtanais bhreise roinnte idir scoileanna lán-Ghaeilge, mar éascaitheoir a chabhróidh le dea-chleachtas a chur chun cinn, mar aon leis an leanúnachas idir na leibhéil a éascú.

Tá gá le huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge do gach páiste de réir a leibhéal cumais. Ag an mbunleibhéal, tá gá le cúntóirí teanga chun cabhrú le sealbhú na teanga. Ag an iar-bhunleibhéal, tá gá le níos mó tacaíochta chun cabhrú le saibhreas agus cruinneas na scoláirí i dtromlach na gceachtanna ar bhonn traschuraclaim. Ba cheart go mbainfí leas as Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha chun tacú le trédhearcacht, leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim na Gaeilge ó gach céim den chóras oideachais go dtí an chéad chéim eile.

Sna leasuithe a bheidh á ndéanamh ar Shonraíochtaí Gaeilge na hArdteiste, tá sé riachtanach go ndéanfar freastal ar scoláirí le hardchumas Gaeilge trí ábhar breise Gaeilge a bheith ar fail mar rogha acu agus gur féidir a dhéanamh sa bhreis ar an ngnáthábhar Gaeilge. Sin dhá ábhar Gaeilge le húsáid sa chóras CAO más mian leo.

Ní mór deis a bheith ag gach páiste agus duine óg sa tír seo teagmháil a bheith acu leis an nGaeilge agus an teanga a shealbhú ag leibhéal oiriúnach dóibh - scoláirí nuathagtha go hÉirinn agus scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu san áireamh – chun cur lena bhféiniúlacht chultúrtha agus náisiúnta agus nascadh le pobal níos leithne. Ní mór athbhreithniú ó bhonn ar chóras reatha na díolúintí, córas nach ann dó i ndlínsí eile, le cinntiú go bhfuil deis chothrom ag gach duine an teanga a shealbhú agus go bhfuil na huirlisí agus tacaíochtaí cuí ar fáil leis seo a chinntiú.